Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

**FOIRM GEARÁIN**
**FAISNÉIS MÍNIÚCHÁIN**

## Cuspóir na foirme seo

Is é cuspóir na foirme seo cabhrú le daoine den phobal sainaithint a dhéanamh ar imthosca a thugann le fios go ndearna cuideachtaí, stiúrthóirí cuideachta nó páirtithe eile sáruithe féideartha ar dhlí na gcuideachtaí.

Maidir le cumas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun gearáin chuideachta a imscrúdú, braitheann sé go mór ar cháilíocht na faisnéise a thugtar dúinn. Leagtar amach san fhoirm seo, dá bhrí sin, an cineál faisnéise bunúsaí a theastaíonn uainn chun gearán a mheas mar is ceart. Tá sé le do leas, dá bhrí sin, í a chomhlánú a mhéid is mó is féidir.

## Na nithe a imscrúdaímid agus na nithe nach n-imscrúdaímid

Áirítear le feidhmeanna reachtúla an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach léirithe ar neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a imscrúdú. Is féidir tuilleadh faisnéise faoinár bhfeidhmeanna reachtúla a fháil ag www.cea.gov.ie.

Imscrúdaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cásanna ina bhfuil léirithe ann nár chomhlíon duine nó cuideachta, nó a sháraigh duine nó cuideachta, na hoibleagáidí dlíthiúla atá air/uirthi faoi dhlí na gcuideachtaí.

Ní imscrúdaímid, mar shampla, gearáin a bhaineann leis na catagóirí ábhair seo a leanas toisc nach dtagann siad faoi shainchúram reachtúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- gnóthú fiach – is nithe dlí conarthaí idir na páirtithe iad sin. Níl aon ról ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcabhrú le páirtithe fiacha amuigh a ghnóthú,
- nithe inmheánacha cuideachta amhail, mar shampla:
    - muirir sheirbhíse, cistí fiachmhúchta, etc., i gcás go mbeidh cuideachta bainistíochta ann, nó
    - sáruithe líomhnaithe ar an mBunreacht le cuideachta,
- saincheisteanna a thagann faoi shainchúram na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (is féidir faisnéis faoi fheidhmeanna na hOifige um Chlárú Cuideachtaí a fháil ag www.cro.ie).

***Tabhair faoi deara: ní thugann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhairle maidir le saincheisteanna dlí, cuntasaíochta, rialachais nó eile. I gcás go dteastóidh comhairle, moltar duit teagmháil a dhéanamh le do chomhairleoir gairmiúil iomchuí.***

**Cad a tharlaíonn nuair a fhaightear gearán?**

Admhófar go bhfuarthas do chomhfhreagras, ar ina dhiaidh a mheasúnóidh Cásoifigeach do ghearán. Is féidir go n-iarrfar ort an fhaisnéis a thugann tú a shoiléiriú nó faisnéis bhreise nó doiciméadacht bhreise a sholáthar chun tacú lenár bhfiosruithe.

Tar éis dúinn an gearán, agus aon fhaisnéis ábhartha eile (e.g., faisnéis a fuarthas ó fhoinsí eile), a athbhreithniú, tiocfaimid ar thuairim maidir le cé acu atá nó nach bhfuil údar le haon ghníomhaíocht nó le haon idirghabháil ar thaobh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Ní dhéanfaimid idirghabháil mura dtugtar le fios sna nithe a ndéantar gearán fúthu go ndearnadh sárú ar dhlí na gcuideachtaí. Mar an gcéanna, ní dhéanfaimid idirghabháil mura dtagann na nithe a thuairiscítear faoinár sainchúram reachtúil. Sa chás sin, is féidir go mbeimid den tuairim gur cheart an ní a tharchur chuig gníomhaireacht eile rialála nó forfheidhmiúcháin a bhfuil a feidhmeanna níos ábhartha do na nithe a thuairiscítear. Mar shampla, más rud é go mbaineann an ní a thuairiscítear le carthanas ach nach bhfuil aon léirithe ann go ndearnadh sárú ar dhlí na gcuideachtaí, is féidir go gcinnfimid an ní a tharchur chuig an Rialálaí Carthanas.

Má thagaimid ar an tuairim go bhfuil údar ann le gníomhaíocht nó idirghabháil ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, áireofar lenár roghanna, mar shampla:

- a iarraidh go ndéanfadh an duine/an chuideachta lena mbaineann an ní a réiteach ar bhonn deonach,
- a cheangal ar dhuine/ar chuideachta gníomhaíocht áirithe a dhéanamh (mar shampla, Cruinniú Ginearálta Bliantúil a thionól i gcás go mbeidh Cruinniú Ginearálta Bliantúil dlite thar téarma faoi threoir ceanglais dhlíthiúla),
- an ní a imscrúdú tuilleadh,
- gníomhaíocht forfheidhmiúcháin shibhialta áirithe a dhéanamh – mar shampla, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena gceanglófaí ar dhuine/ar chuideachta na hoibleagáidí atá air/uirthi a chomhlíonadh, nó
- gníomhaíocht forfheidhmiúcháin choiriúil áirithe a dhéanamh, is é sin, an ní a bheith á ionchúiseamh againn féin sa Chúirt Dúiche nó, i gcás nithe atá níos tromchúisí, comhad a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

**An gcoinneofar ar an eolas thú faoi stádas do ghearáin agus faoin dul chun cinn air?**

I mbeagán focal, ní choinneofar. Ag brath ar chineál na nithe a ndearnadh gearán fúthu, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'imscrúdú nó do ghníomh forfheidhmiúcháin ina dhiaidh sin dá dtabharfaí an t-eolas is deireanaí do ghearánaigh. Níl sé de chleachtas againn, dá bhrí sin, an t-eolas is deireanaí a thabhairt ná an bonn a ndearnadh cinntí áirithe orthu a nochtadh.

Dá ainneoin sin:

- i gcás go mbeidh fianaise i do ghearán nach bhfuil aon léiriú ann go dtagann ní dlí cuideachtaí faoi shainchúram an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, cuirfear ar an eolas thú faoi sin dá réir, agus

- i gcás go mbeidh caingean Chúirte á tionscnamh mar thoradh ar do ghearán, taifeadfar an ní sin sa taifead poiblí.

**Gearáin gan ainm**

Cé go mbeidh sé de rogha agat gearán a chur isteach gan ainm, tá sé níos doilí barántúlacht aon ghearán gan ainm a fhíorú agus tá sé níos doilí aon ghearáin gan ainm a imscrúdú agus ba cheart é sin a chur san áireamh le linn cinneadh a dhéanamh ar an gcur chuige sin a ghlacadh.

**Rúndacht**

Oibríonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi dhualgas reachtúil rúndachta. Fágann sé sin go gcaithfear le haon fhaisnéis a thugann tú amhail is dá mb'fhaisnéis rúnda í, seachas in imthosca sonraithe.

Áirítear na cásanna seo a leanas, mar shampla, leis na heisceachtaí óna bhfuil thuas, i gcás go bhféadfar an fhaisnéis a thugann tú a chomhroinnt le páirtithe eile:

- i gcás go dtiocfaimid ar an tuairim go bhfuil an fhaisnéis ábhartha do ghníomhaireacht eile rialála nó forfheidhmiúcháin,

- i gcás go n-éileofar leis an bhfaisnéis a thugtar go gcuirfí in iúl í d'fhinné nó d'amhrastach in imscrúdú agus/nó don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,

- i gcás go ndéanfar an fhaisnéis a thugtar a úsáid ina dhiaidh sin in imeachtaí Cúirte, is féidir go dtiocfaidh an ní chun bheith ina ní poiblí agus gur gá é a nochtadh do dhuine cúisithe.

**Cosaint sonraí**

Ceanglaítear ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, a chomhlíonadh freisin.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, a fháil ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí ag an seoladh seo: An Coimisiún um Chosaint Sonraí, Teach na Canála, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise, R32 AP23. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ón gCoimisiún freisin trí ghlao a chur ar +353 (01) 7650100 / 1800 437737 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig *info@dataprotection.ie*

**FOIRM GEARÁIN**

**Tabhair a oiread mionsonraí agus is féidir agus tú ag comhlánú na foirme seo. I gcás gur féidir, cuir in iúl go soiléir an sárú líomhnaithe/na sáruithe líomhnaithe ar dhlí na gcuideachtaí lena mbaineann.**

**COMHLÁNAIGH I mBLOCLITREACHA**

**1. Tabhair do mhionsonraí**

| | |
|---|---|
| Teideal | |
| Ainm | |
| Seoladh | |
| Éirchód | |
| Uimhreacha teagmhála | Fón Póca:<br><br>Fón Baile:<br><br>Fón Oibre: |
| Seoladh ríomhphoist | |
| Síniú | |
| Dáta | |

**2. Tabhair mionsonraí na cuideachta agus/nó mionsonraí an duine/na ndaoine is ábhar do do ghearán**

| | |
|---|---|
| Ainm na cuideachta | |
| Uimhir na cuideachta leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (más eol) | |
| Seoladh na cuideachta | |
| Éirchód na cuideachta | |
| Uimhir theagmhála na cuideachta (más eol) | |
| Seoladh ríomhphoist na cuideachta (más eol) | |
| Teideal an duine | |
| Ainm an duine | |
| Seoladh an duine | |
| Éirchód an duine | |
| Uimhir theagmhála an duine (más eol) | |
| Seoladh ríomhphoist an duine (más eol) | |

Cuir in iúl cé acu atá nó nach bhfuil sé amhlaidh gur sheol tú do ghearán i scríbhinn chuig an gcuideachta agus/nó chuig an duine/na daoine atá ainmnithe thuas.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **TÁ** | | **NÍL** | |

***Sula ndéanfaidh tú teagmháil linn, ba cheart duit gearán a dhéanamh i scríbhinn leis an gcuideachta/leis an stiúrthóir agus 14 lá a thabhairt dó/di chun freagra a thabhairt. Cuir faoi iamh cóipeanna d'aon chomhfhreagras leis an gcuideachta/leis an stiúrthóir.***

**3. Cuir in iúl an gaol atá agat leis an gcuideachta nó le páirtí eile is ábhar don ghearán seo.**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Comhalta/Scairshealbhóir | IS EA | | NÍ hEA | |
| Creidiúnaí | IS EA | | NÍ hEA | |
| Fostaí | IS EA | | NÍ hEA | |
| Eile (sonraigh, le do thoil) | | | | |

**4. Más rud é gur comhalta nó scairshealbhóir den chuideachta i gceist thú, tabhair fianaise ar do chomhaltas agus cuir in iúl cé acu a tharraing nó nár tharraing tú an ní seo anuas leis an gcuideachta agus, má tharraing, cuir in iúl conas a rinne tú amhlaidh.**

**Ba cheart cóipeanna d'aon chomhfhreagras leis an gcuideachta nó leis an duine iomchuí a chur isteach i dteannta do ghearáin.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**5. Más creidiúnaí den chuideachta i gceist thú, cuir in iúl go hachomair cén fáth nach féidir le caingean dlí phríobháideach do ghearán a leigheas.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**6. Cuir in iúl cé acu atá nó nach bhfuil tú sásta ráiteas foirmiúil finné a thabhairt agus, más gá, freastal ar an gCúirt chun fianaise a thabhairt i ndáil le saincheisteanna a eascraíonn as do ghearán (agus freagra á thabhairt agat ar an gceist seo, tabhair faoi deara gur minic a bhíonn comhar den sórt sin ag teastáil).**

| TÁ | | NÍL | |
|---|---|---|---|

**7. Cuir in iúl cé acu atá nó nach bhfuil sé amhlaidh go raibh aon chaingean Chúirte ann i ndáil le do ghearán nó cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe aon chaingean den sórt sin a thionscnamh.**

| TÁ | | NÍL | |
|---|---|---|---|

Má tá, tabhair mionsonraí iomlána ag ceist 10 thíos (Mionsonraí faoi do ghearán)

**8. Cuir in iúl cé acu atá nó nach bhfuil sé amhlaidh gur tharraing tú aird aon ghníomhaireachta eile rialála nó forfheidhmiúcháin ar do ghearán.**

| TÁ | | NÍL | |
|---|---|---|---|

Más rud é gur tharchuir tú do ghearán chuig an nGarda Síochána roimhe seo, tabhair thíos ainm stáisiún na nGardaí ar tuairiscíodh an ní dó, ainm an Gharda a bhí ag déileáil leis an ní agus, más eol, uimhir thagartha an Gharda Síochána/an chórais PULSE.

| |
|---|
| |

Más rud é gur tharchuir tú do ghearán chuig na Coimisinéirí Ioncaim roimhe seo, tabhair thíos ainm agus seoladh na hoifige de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar tuairiscíodh an ní di.

| |
|---|
| |

Más rud é gur tharchuir tú do ghearán chuig gníomhaireacht eile rialála nó feidhmiúcháin roimhe seo, tabhair mionsonraí ábhartha thíos.

| |
|---|
| |

**9. Do ghearán – tabhair mionsonraí faoi chineál an tsáraithe líomhnaithe ar dhlí na gcuideachtaí**

Is é atá anseo a leanas ná liosta de roinnt de na sáruithe líomhnaithe is coitianta ar dhlí na gcuideachtaí a bhíonn le feiceáil i ngearáin a fhaightear. Cuir in iúl thíos, trí thic a chur leis an mbosca/leis na boscaí, an rogha/na roghanna a chomhfhreagraíonn is gaire d'ábhar do ghearáin.

| **Cuir tic leis** | **Cion faoi Dhlí na gCuideachtaí** |
|---|---|
| | Duine do ghníomhú mar iniúchóir, mar leachtaitheoir, etc., le linn dó/di bheith neamhcháilithe. |
| | Duine do ghníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach do chuideachta le linn dó/di bheith srianta nó dícháilithe nó ina f(h)éimheach neamhurscaoilte (cibé acu sa Stát seo nó in áit eile).<br><br>Tabhair dáta an tsrianta/an dícháilithe agus, má tá sí thar lear, an Chúirt agus an seoladh lena mbaineann (más eol). |
| | Mainneachtain cláir áirithe de chuid cuideachta a sholáthar lena n-iniúchadh arna iarraidh sin (e.g., Cláir Comhaltaí, Sealbhóirí Bintiúr, Stiúrthóirí agus Rúnaithe, nó Cláir Leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí). |
| | Mainneachtain rochtain ar na miontuairiscí ar chruinniú ginearálta bliantúil nó ar chruinniú ginearálta urghnách a sholáthar (tabhair faoi deara nach bhfuil comhaltaí de chuideachta, scairshealbhóirí de chuideachta ná daoine eile i dteideal miontuairiscí ar chruinniú de chuid Bord Stiúrthóirí). |
| | |

| | |
|---|---|
| | Mainneachtain Cláir chuideachta a choimeád nó doiciméid reachtúla a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. |
| | Mainneachtain taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád. |

| | |
|---|---|
| | Mainneachtain Cruinniú Ginearálta Bliantúil a thionól laistigh den tréimhse ama riachtanach. |
| | Mainneachtain ag iniúchóir, ag leachtaitheoir, ag glacadóir, ag scrúdaitheoir nó ag comhairleoir próisis na hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. |
| | Faisnéis bhréagach nó doiciméadacht bhréagach a sholáthar i gcomhlíonadh airbheartaithe aon fhorála de dhlí na gcuideachtaí. |
| | Faisnéis bhréagach nó doiciméadacht bhréagach a thabhairt/a thabhairt ar aird don Oifig um Chlárú Cuideachtaí. |
| | Doiciméid a dhíothú, a lot nó a fhalsú. |
| | Trádáil mar chuideachta atá faoi dhliteanas teoranta le linn di gan a bheith corpraithe amhlaidh. |
| | Trádáil le linn do chuideachta bheith díscaoilte (ba cheart sonrasc nó ráiteas a chur faoi iamh). |
| | Seoladh mícheart oifige cláraithe a bheith á úsáid. |
| | Gnó cuideachta a sheoladh go feasach le hintinn calaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe nó chun críche atá calaoiseach. |
| | Gan aon stiúrthóir a bhfuil cónaí air/uirthi i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith ag cuideachta. Féach Aguisín 1 le haghaidh liosta de Bhallstáit an Limistéar Eorpaigh Eacnamaíoch. |
| | |

| | |
|---|---|
| | Seoladh míchruinn, neamh-leordhóthanach nó míthreorach do chuideachta agus/nó do stiúrthóir nó do rúnaí cuideachta. |

**10. Tabhair mionsonraí iomlána faoi do ghearán.**
**Tabhair a oiread faisnéise agus is féidir agus, a mhéid is mó is féidir, tabhair doiciméadacht tacaíochta, lena n-áirítear cóipeanna d’aon chomhfhreagras leis an gcuideachta nó leis an duine iomchuí.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| |
|---|
| |
| |
| |

**11. Tabhair mionsonraí faoi aon duine/daoine eile a gcreideann tú gur féidir go mbeidh sé/sí/siad in ann tuilleadh faisnéis ábhartha agus/nó tuilleadh cabhrach a thabhairt.**

| | |
|---|---|
| Teideal | |
| Ainm | |
| Seoladh | |
| Éirchód | |
| Uimhreacha teagmhála | Fón Póca:<br><br>Fón Baile:<br><br>Fón Oibre: |
| Seoladh ríomhphoist | |

**12. Cuir in iúl cén fáth a gcreideann tú gur féidir go mbeidh an duine sin in ann tuilleadh faisnéise agus/nó tuilleadh cabhrach a thabhairt.**

| |
|---|
| |

**13. Dearbhú**
Sínigh an dearbhú thíos.

*Dearbhaím gur ceart de réir mar is fearr is eol dom agus a chreidim atá na mionsonraí uile atá san Fhoirm seo.*

| | |
|---|---|
| Síniú | |
| Dáta | |

**Tuilleadh faisnéise**
Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le:


◻ **An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
**16 Cearnóg Parnell Thoir**
**Baile Átha Cliath 1**
**D01 W5C2**

☎ **+353 1 858 5800**

@ **info@cea.gov.ie**

🌍 **www.cea.gov.ie**


© ÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH, 2024

**Aguisín I**

## Ballstáit an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)

*Ballstáit an Aontais Eorpaigh (AE)*

- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- An Chróit
- An Chipir
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- An Ungáir
- Poblacht na hÉireann
- An Iodáil
- An Laitvia
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Ísiltír
- An Pholainn
- An Phortaingéil
- An Rómáin
- An tSlóvaic
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn

*Ballstáit den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad*

- An Íoslainn
- An Iorua
- Lichtinstéin